Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Márta 2022
(OR. fr)

6978/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0214(COD)**

**FISC 63**
**ECOFIN 201**
**ENV 190**
**UD 51**
**CLIMA 93**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha<br>*Cur chuige ginearálta* |

## I. RÉAMHRÁ

1. Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 10 agus an 11 Nollaig 2020[1], chuir Cinn Stáit nó Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh in iúl go dtacaíonn siad le glanlaghdú 55 %, ar a laghad, faoi 2030 ar astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas i gcomparáid le leibhéil 1990, agus d’iarr siad ar an gCoimisiún Eorpach sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a mholadh chun an tsláine comhshaoil a ghabhann le beartais an Aontais a áirithiú agus an sceitheadh carbóin a sheachaint ar bhealach EDT-oiriúnach.

[1] EUCO 22/20, míreanna 14 agus 17.

2. Lena chois sin, foráiltear le hAirteagal 2 den Dlí Aeráide Eorpach[2] go ndéanfar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ar fud an Aontais, arna rialú i ndlí an Aontais, a chothromú laistigh den Aontas faoi 2050, ar a dhéanaí, agus, ar an gcaoi sin, laghdófar astaíochtaí go glan-nialas faoin dáta sin, agus go mbeidh sé mar aidhm ag an Aontas astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin. Anuas air sin, déanfaidh institiúidí ábhartha an Aontais agus na Ballstáit na bearta is gá ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta faoi seach chun gur féidir an cuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann, agus an tábhacht a bhaineann leis an gcothroime agus leis an dlúthpháirtíocht araon a chur chun cinn i measc na mBallstát agus costéifeachtúlacht i mbaint amach an chuspóra seo á gcur san áireamh.

3. An 14 Iúil 2021, foilsíodh mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (CBAM)[3]. Is éard atá sa phacáiste sin sraith tograí agus cumhdaíonn sé raon réimsí beartais agus earnálacha eacnamaíocha: an aeráid, fuinneamh agus breoslaí, iompar, foirgnimh, úsáid talún agus foraoiseacht.

4. Is é príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán CBAM, mar bheart comhshaoil, aghaidh a thabhairt ar an riosca sceite carbóin, arb iad beartais aeráide neamhshiméadracha tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach is cúis leis (i gcás nach mbeidh na beartais a chuirtear i bhfeidhm chun an t-athrú aeráide a chomhrac chomh huaillmhianach céanna leis na beartais atá ag an Aontas Eorpach). Le cur i bhfeidhm CBAM, sheachnófaí an cás ina ndéanfaí iarrachtaí laghdaithe astaíochtaí an Aontais a fhrithchúiteamh de dheasca méadú astaíochtaí lasmuigh den Aontas a thiocfadh d'athlonnú oibríochtaí táirgthe chuig tíortha nach bhfuil san Aontas nó trí allmhairí táirgí atá dian ar charbón a mhéadú. In éagmais sásra den sórt sin, is dócha go dtiocfadh méadú foriomlán ar na hastaíochtaí domhanda agus go gcruthófaí éagothromaíocht iomaíochta do thionscal na hEorpa de thoradh an sceite carbóin.

---

[2] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

[3] 10871/21 + ADD 1-6; [2021/0214 (COD)].

5. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 8 Nollaig 2021. Tíolacfaidh Parlaimint na hEorpa a tuairim go luath. Níl seasamh glactha ag Coiste Eorpach na Réigiún go fóill.

## II. STAID NA hIMEARTHA

6. Cuireadh tús leis an obair ar an togra seo in 2021 faoi chuimsiú na Meithle *Ad Hoc*. Tá cur síos mionsonraithe déanta ar an dul chun cinn sa tuarascáil ar dhul chun cinn a d'fhormhuinigh Comhairle ECOFIN i mí na Nollag 2021[4].

7. Ó thús na bliana 2022, d'eagraigh Uachtaránacht na Fraince roinnt cruinnithe den mheitheal *ad hoc* chun teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta.

8. Leis an bplé teicniúil sa mheitheal *ad hoc*, tugadh aghaidh ar na saincheisteanna ar fad a chumhdaítear le téacs Rialachán CBAM é féin, agus sainaithníodh tograí comhréitigha bhfuil an chuma orthu anois go bhfuil cobhsaíocht an-leathan iontu agus atá mar bhonn do chomhaontú sa Chomhairle.

9. Ina theannta sin, le linn an phlé a rinneadh ar leibhéal na Meithle *Ad Hoc*, cuireadh béim ar roinnt saincheisteanna atá tábhachtach do chur chun feidhme CBAM, ach a thagann faoi ionstraimí eile. Sainaithnítear na saincheisteanna sin, a bhfuiltear ag súil go ndéileálfar leo sna míonna atá romhainn, san Iarscríbhinn a ghabhann le 6772/22, a phléigh Coiste na mBuanionadaithe an 9 Márta.

10. Ag an gcruinniú a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 9 Márta, thug an Uachtaránacht dá haire gur thacaigh tromlach cáilithe na mBallstát leis sin agus chinn sí go gcuirfí an téacs ar aghaidh chuig an gComhairle d'fhonn cur chuige ginearálta a ghlacadh.

---

[4] 14574/21.

11. I dtéacs dhréachtrialachán CBAM, chun an seasamh a chuir Ballstát in iúl a chur san áireamh, rinneadh coigeartuithe ar aithris 52 maidir leis an measúnú a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún roimh an 1 Eanáir 2026 chun tagairt a thabhairt isteach don tionchar sóisialta a bheidh ag an sásra agus don iomaíochas sa mhargadh inmheánach. Ní mór saintréithe agus srianta na n-oileán a chur san áireamh freisin sa chomhthéacs seo.

12. Thacaigh Coiste na mBuanionadaithe freisin le 6772/22. Arna iarraidh sin do Bhallstát, áirítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo tagairt do chomhghuaillíocht tíortha a chur ar bun go comhthreomhar le hionstraimí praghsála carbóin nó le hionstraimí inchomparáide eile ('club aeráide') chun an cur chun feidhme de bheartais uaillmhianacha aeráide a chur chun cinn i ngach tír agus an bealach a réiteach do phraghsáil carbóin dhomhanda. Arna iarraidh sin do Bhallstát eile, cuireadh san áireamh freisin an gá atá le réitigh a lorg chun dul i ngleic leis na hiarmhairtí díobhálacha a bheadh ag baint le tabhairt isteach CBAM ar onnmhairithe.

13. Dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe nach mór dul chun cinn leordhóthanach a bheith déanta maidir leis na gnéithe a leagtar amach i mír 1 den Iarscríbhinn sa ghabhann le 6772/22 sular féidir tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

14. Leis an gcomhréiteach a leagtar amach in 7044/22 agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, cuirtear na coigeartuithe is déanaí a leagtar amach thuas san áireamh.

## III. CONCLÚID

15. Iarrtar ar an gComhairle an méid a leanas a dhéanamh:

a) teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an dréacht sin ar bhonn an chomhréitigh a leagtar amach in 7044/22;

b) an Iarscríbhinn a thabhairt dá haire. ós rud é gur dearbhaíodh nach mór dul chun cinn leordhóthanach a bheith déanta maidir leis na gnéithe a leagtar amach i mír 1 den Iarscríbhinn sin sular féidir tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

**Iarscríbhinn**

Maidir leis an gcur chuige ginearálta i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (CBAM), tugadh faoi deara na pointí seo a leanas.

1. Tá tábhacht ag baint leis an dá shaincheist seo a leanas, nach gclúdaítear faoi Rialachán CBAM, chun CBAM a chur chun feidhme:

   a) Is de réir an ráta ag a leithdháilfear lamháltais ar earnálacha tionscail a chumhdaítear faoi CBAM, a bunaíodh le Treoir an Aontais maidir le Trádála Astaíochtaí, a chinnfear an luas ag a méadófar an oibleagáid deimhnithe CBAM a thabhairt suas de réir Airteagal 31 de dhréachtrialachán CBAM;

   b) I ngeall ar an tsaincheist maidir le sceitheadh carbóin a d’fhéadfadh teacht ó onnmhairí a theorannú, is gá réitigh iomchuí chun éifeachtúlacht eacnamaíoch, sláine comhshaoil agus comhoiriúnacht leis an EDT a áirithiú.

2. Thairis sin, meabhraítear go bhfuil an Coimisiún tar éis tograí a chur ar aghaidh maidir le hacmhainní dílse bunaithe, *inter alia*, ar an ioncam a ghintear as deimhnithe CBAM a dhíol. Táthar i mbun machnaimh ar na tograí sin le go bpléifear iad an 1 Iúil 2022, i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020.

3. Ar deireadh, tugadh ar aird gur iarradh, le bunú CBAM, go bhforbrófaí comhar déthaobhach, iltaobhach agus idirnáisiúnta le tríú tíortha, lena n-áirítear trí chomhghuaillíocht de thíortha a bhunú ag an am céanna le hionstraimí praghsála carbóin nó le hionstraimí inchomparáide eile ('club aeráide'), chun an cur feidhme de bheartais uaillmhianacha aeráide a chur chun cinn i ngach tír agus an bealach a réiteach do phraghsáil carbóin dhomhanda.